# Tús Maith

# 2009 / 2010

## Réamhrá

Chuir an tAire Oideachais agus Eolaíochta an tionscnamh *Tús Maith* ar bun i 2006 chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí i dtaca lena muinín agus éifeachtacht féin a fhorbairt in úsáid na Gaeilge, agus chun teagasc agus foghlaim na Gaeilge a fheabhsú. Bunaíodh foireann chomhairle, comhdhéanta de ghrúpaí leasa éagsúla mar atá An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE), Coláistí Oideachais agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun eolas a thabhairt ar fhorbairt an chláir tacaíochta. Cumascadh an fhoireann Tús Maith le foireann na Gaeilge le tacaíocht chomhtháite a sholáthar do scoileanna agus do mhúinteoirí. Sa scoilbhliain 2007/2008 bhí 31 comhairleoir ar an bhfoireann, agus 25.5 ar an bhfoireann sa scoilbhliain 2008/2009. Sa scoilbhliain reatha tá 14.5 comhairleoir uirthi, atá suite ar fud na tíre.

## Comhairleoirí Gaeilge/Tús Maith

| Réigiún | Comhairleoirí Tús Maith |
|---|---|
| **Réigiún 1 -** Droim Conrach, Eamhain Mhacha agus Muineachán | Ruairí Mac Dónaill |
| **Réigiún 2 –** An Charraig Dhubh, Baile Átha Cliath Thiar agus Cill Dara | Seosamh Mac an Iomaire<br>Máire Nic an Rí |
| **Réigiún 3** – Cill Chainnigh, Loch Garman agus Port Láirge | Síle Ní Shéaghdha<br>Conchobhar Ó Laoghaire |
| **Réigiún 4 –** Trá Lí, Luimneach, Corcaigh agus Corcaigh Thiar | Clíodhna Furlong<br>Máire Mhic Chárthaigh<br>Sandra Chute<br>Eimear Ní Niallagáin (1/2 DEIS) |
| **Réigiún 5 –** Baile Átha an Luain, An Clár, Gaillimh agus Laois | Mícheál Mac Donnacha<br>Íde Ruaidh |
| **Réigiún 6** – Dún na nGall, Maigh Eo, Cora Droma Rúisc agus Sligeach | Bríd Ní Dhonnacha<br>Karen Brogan<br>Máire Ni Chionnaigh<br>Brídín Nic Uiginn |
| **Comhordaitheoir** | **T J Ó' Ceallaigh** |

## Cuspóir

Tá dhá chuspóir leis an tionscnamh:

- Cumas teanga an mhúinteora a fhorbairt chomh maith le misneach agus muinín sa Ghaeilge a spreagadh
- Oiliúint ar Churaclam na Gaeilge chomh maith le forbairt ghairmiúil an mhúinteora a éascú

## Na prionsabail fhothacaíochta

Sainaithníodh roinnt prionsabal a fheidhmíonn mar phointí tagartha chun an clár tacaíochta a threorú.

- Faigheann scoileanna agus múinteoirí tréimhse mharthanach thacaíochta chun tionchar uasmhéid a chinntiú.
- Éascaítear riachtanais áitiúla mhúinteoirí trí raon de ghníomhaíochtaí tar éis am scoile, mar atá ceardlanna agus gníomhaíochtaí eile a chuireann an Ghaeilge chun cinn, mar ghrúpaí comhrá, Skype trí Ghaeilge, siúlóidí cainte.
- Aithnítear go soláthraítear tacaíocht i dtrí chomhthéacs ar leith, agus go bhfuil tacaíocht áirithe agus sonraithe de dhíth ar mhúinteoirí i ngach comhthéacs.
- Tá fócas ar leith ar phleanáil sa scoil uile le forbairt teanga na scoláirí agus na múinteoirí a chinntiú.

## Sainaithint riachtanas

Cuirtear torthaí a sainaithníodh i measúnuithe déanaí fócas an chláir oibre ar an eolas. Socraíonn na moltaí ar nádúr agus fócas idirghabhálaithe sa scoil agus lasmuigh den scoil.

***Achoimre ar Chinntí***

1. **An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, (2006) *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht*.**

**Príomhréimsí le haghaidh forbartha**

- Cumas múinteoirí in oilteacht sa Ghaeilge
- Tuairimí agus cleachtais na múinteoirí
- Ábhair agus modhanna oiriúnacha teagaisc
- Sásamh na múinteoirí i dteagasc na Gaeilge
- Cloí le leithdháileadh ama i dtaca leis an nGaeilge mar atá leagtha amach sa Churaclam
- Méadú ar theagasc trí mheán na Gaeilge lasmuigh den rang Gaeilge

2. **An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, (2005) *Ag dul i mbun Múinteoireachta: Múinteoirí Nua-cháilithe i mBunscoileanna in Éirinn.***

**Príomhréimsí le haghaidh forbartha**

- Cumas, cruinneas agus oilteacht na múinteoirí sa Ghaeilge – labhartha agus scríofa
- Modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama an dara teanga
- Pleanáil theanga de réir snáitheanna curaclaim
- Teicnící athbhreithnithe agus smaoinimh

3. **An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, (2004) *Stáid Reatha na Scoileanna Gaeltachta.***

**Príomhréimsí le haghaidh forbartha**

- Earcaíocht de mhúinteoirí maithe agus oilte
- Bainistiú ar sholáthar múinteoirí i dtaca le riachtanais speisialta teanga
- Deiseanna gairme fostaíochta do mhúinteoirí Gaeilge le hoideolaíocht i gcomhthéacsanna Gaeltachta a fheabhsú agus a thacú.

4. **An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, (2006)** ***Soláthar Múinteoirí do na Bunscoileanna Lán-Ghaeilge.***

**Príomhréimsí le haghaidh forbartha**

- Soláthar de dheiseanna agus spreagthaí chun cumas a chur ar mhúinteoirí a n-inniúlacht Ghaeilge a fheabhsú
- Soláthar de dheiseanna gairme forbartha réamhsheirbhíse, ionduchtaithe, inseirbhíse, agus leanúnacha i dtumoideolaíocht.

## Lucht Féachana Sprice

Bíonn riachtanais éagsúla ag múinteoirí, ag brath ar a ról sa scoil agus ar a n-oilteacht reatha teanga. Tá na comhairleoirí Gaeilge/Tús Maith ar fáil le tacaíocht a thabhairt:

- múinteoirí ranga
- príomhoidí, sealbhóirí post agus ceannairí curaclaim
- múinteoirí i scoileanna speisialta
- múinteoirí acmhainne agus múinteoirí tacaíocht foghlama
- múinteoirí a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu
- múinteoirí a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu ach easpa muiníne ina húsáid
- múinteoirí atá ag iarraidh a gcruinneas sa Ghaeilge a fheabhsú
- múinteoirí a bhfuil oiliúint bhreise de dhíth orthu i gCuraclam na Bunscoile
- múinteoirí a rinne a gcuid oiliúna i limistéir eile.

## Cur chuige ildisciplíneach

Leagann an tábla seo a leanas roinnt spriocanna agus straitéisí an tionscnaimh Tús Maith amach

| Spriocanna | Straitéisí |
|---|---|
| A chur ar chumas múinteoirí a bheith muiníneach, ábalta agus | • cláir thráthnóna sholúbtha agus chomhoibríocha déanta do riachtanais teangeolaíochta, tionscamh |

| | |
|---|---|
| sásta in úsáid na Gaeilge | agus dúshlán áirithe na múinteoirí/scoileanna aonair<br>• cúrsaí/ceardlanna/seimineáir atá bunaithe go réigiúnach le freastal d'ábaltachtaí/cumais teangeolaíochtaí éagsúla<br>• forbairt de *ghrúpaí comhrá* le cur ar chumas na múinteoirí deiseanna a ghlacadh le cleachtadh agus breisoiliúint a dhéanamh, agus leis an nGaeilge a úsáid mar mheán cumarsáide<br>• ceardlanna dírithe ar chruinneas gramadaí agus scileanna teangeolaíochta na múinteoirí a fheabhsú<br>• samhaltú agus meantóireacht sa seomra ranga chun tuiscint, líofacht, cruinneas agus dul chun cinn teangeolaíochta a chur chun cinn<br>• forbairt d'ábhair déanta go háirithe agus soláthar de cheardlanna/oiliúint – *An Fhoghlaim Lánpháirtithe Ábhair agus Teanga* – chun croíchlár sínithe Gaeilge a chur chun cinn (Corpoideachas agus Dráma)<br>• Fóraim ICT – deiseanna le haghaidh foghlama Gaeilge ar líne, líonrú agus páirtíocht in idirphlé gairmiúil. |
| Tacaíocht leanúnach le leirmhíniú agus cur i bhfeidhm Churaclam na Gaeilge | • forbairt ghairmiúil le fócas níos láidre a chinntiú ar an áit agus an dóigh le pobail mhúinteoirí a thacú maidir le teagasc teangacha agus cleachtais fhoghlama a fhorbairt<br>• soláthar d'fhóraim inar féidir eolas, scileanna agus tuiscint nua a chruthú agus a roinnt i measc comhghleacaithe agus sa ghairm níos leithne – Buíonta Mhúinteoirí *Gairmiúla.*<br>• comhairle/treoir do phobail ghairmiúla le teagasc agus foghlaim éifeachtach na Gaeilge a thacú i ngach earnáil |

| | |
|---|---|
| | • samhaltú agus meantóireacht le cur ar chumas múinteoirí eolas, tuiscint agus oilteacht teanga nua a chomtháthú agus a dhaingniú sa chleachtas<br>• soláthar d'uirlisí, acmhainní teagasc agus foghlaim teangacha, eiseamláirí agus sainidirghabhálaithe le tacaíocht a thabhairt do chur chuige ar theagasc agus foghlaim éifeachtach teangacha atá bunaithe ar fhianaise<br>• soláthar d'acmhainní ardchaighdeáin TFC agus íoslódálacha chun gnéithe éagsúla cleachtais a thacú<br>• seimineáir dheireadh seachtaine<br>• Creat Ceannaireachta – Ceardlanna/Tionscnaimh phleanála do phríomhoidí/do bhainistíochta inscoile chun straitéisí na scoile iomláine a fhorbairt i dtaca le teagasc agus foghlaim na Gaeilge<br>• cnuasghrúpaí – le cur ar chumas cleachtóirí eolas a mhalartú, saineolas a roinnt, smaointe nua a thuismeadh agus cur chuige comhordaithe a chur chun cinn i dtaca le pleanáil, teagasc, foghlaim agus measúnacht na Gaeilge ag leibhéal áitiúil. |
| Soláthar de dheiseanna gairme leanúnacha do mhúinteoirí i scoileanna T1, déanta le haghaidh riachtanas áirithe | • tacú spriocdhírithe le heolas ar an ábhar agus curaclam a chur san áireamh – eolas ar an ábhar le teagasc, ag déanamh ceangal leis an saol agus ag cur eispéaras na mac léinn agus a réamheolais san áireamh<br>• soláthar de chomhairle, tacaíocht agus treoir ardchaighdeáin agus fhreagúil trí shamhaltú agus meantóireacht sa seomra ranga<br>• tacaíocht mharthanach tríd an tseirbhís chomhairleach |

**Obair reatha PPDS in Tús Maith**

Tá cur i bhfeidhm praiticiúil den idirghabháil Tús Maith go príomha ag leibhéal na bunscoile, áit a dtairgeann comhairleoirí samhaltú agus meantóireacht sa seomra ranga, idirphlé le daoine aonair agus le grúpaí múinteoirí, agus cruinnithe foirne éascaithe na scoile iomláine. Leanann raon de chineálacha éagsúla forbartha na tacaíochtaí scoilbhunaithe, ag brath ar riachtanais agus leasa na múinteoirí sa scoil. Ina measc siúd na:

- Ceardlanna iarnóna
- Buíonta Mhúinteoirí Gairmiúla
- Caint agus Café – comhrá neamhfhoirmiúil trí mheán na Gaeilge i siopa caife áitiúil
- Siúlóidí cainte – siúlóidí le béim ar labhairt na Gaeilge
- Bealaí stairiúla ina bhfuil seachadadh eolais agus cumarsáid na rannpháirithe trí mheán na Gaeilge
- Tráth na gCeist
- Deirí seachtaine sa Ghaeltacht

**Séideán Sí**

Tá Séideán Sí, cúrsa comhtháite Gaeilge ar fáil do scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna le blianta beaga anuas. Tá an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna (SFGB) ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun tacaíocht leanúnach Shéideán Sí a sholáthar do chomhthéacsanna Ghaeltachta éagsúla don scoilbhliain reatha seo 2009/2010. Fuair gach bunscoil Ghaeltachta cuireadh le cur isteach ar thacaíocht saincheaptha in úsáid Séideán Sí, agus shínigh 74 scoil Ghaeltachta le haghaidh na tacaíochta seo. Beidh tacaíocht ilchineálach a sholáthar ar bhonn ranga agus ar bhonn scoile chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí riachtanais ar mhaithe le tréithe agus próisis an oideachais lán-Ghaeilge a shaibhriú, a neartú agus a bhuanú.

**Éileamh ó scoileanna 2009/2010**

Tá ardéileamh ann le haghaidh tacaíochta Gaeilge agus/nó Tús Maith, agus sa scoilbhliain reatha, chuir 361 scoil iarratais isteach chuig an PPDS le haghaidh tacaíochta Gaeilge agus/nó Tús Maith.